Comhairle an Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 14 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**14146/24**

**DEVGEN 139**
**ACP 98**
**ENV 975**
**ONU 110**
**RELEX 1216**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 14 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13832/24 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an nGaineamhlú, an Díghrádú Talún agus Triomach - Conclúidí ón gComhairle (an 14 Deireadh Fómhair 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nGaineamhlú, an Díghrádú Talún agus Triomach, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 2050ú cruinniú a bhí aici an 14 Deireadh Fómhair 2024.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nGaineamhlú, an Díghrádú Talún agus Triomach**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS**

1. ATHDHEARBHAÍONN sí a tiomantas do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), go háirithe sprioc SFI 15.3 chun an gaineamhlú a chomhrac, talamh díghrádaithe agus ithir dhíghrádaithe a athbhunú, lena n-áirítear talamh atá buailte ag an ngaineamhlú, triomach agus tuilte, agus gach iarracht a dhéanamh domhan atá neodrach ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach faoi 2030;

2. MEABHRAÍTEAR DI go mbaineann dúshláin mhóra chomhshaoil, eacnamaíocha, shóisialta agus slándála leis an ngaineamhlú, leis an díghrádú talún agus le triomach don fhorbairt inbhuanaithe agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE, AGUS IS CÚIS IMNÍ DI, a mhinice a bhíonn triomach ann, agus a dhéine a bhíonn sé, agus an géarú ar an ngaineamhlú agus ar an díghrádú talún ar fud an domhain agus san Aontas; LUANN SÍ gurb é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD) cloch choirnéil na n-iarrachtaí domhanda chun dul i ngleic leis an ngaineamhlú, leis an díghrádú talún agus le triomach;

3. AITHNAÍONN SÍ a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí ilpháirtithe leasmhara lena dtugtar le chéile eagraíochtaí iltaobhacha, riaracháin phoiblí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), an earnáil phríobháideach, pobail áitiúla, feirmeoirí, foraoiseoirí, tréadaithe agus bainisteoirí talún, pobail dúchais agus úsáideoirí eile talún, agus comhghuaillíochtaí chun an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chomhrac agus neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh mar shampla an Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Athléimneacht Triomaigh, an Balla Mór Glas agus an Luasaire a ghabhann leis, agus Bliain Idirnáisiúnta na dTailte Féaraigh agus na dTréadaithe, a chuireann leis na hiarrachtaí domhanda chun athléimneacht in aghaidh triomaigh a chothú, an gaineamhlú a chomhrac, agus an díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú;

4. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 8ú hathbhreithniú meántéarma ar an gClár Gníomhaíochta don Chomhshaol – An bealach chun cinn i dtreo aistriú glas, cóir agus cuimsitheach ar mhaithe le hEoraip inbhuanaithe, a glacadh i mí an Mheithimh 2024, agus go háirithe an iarraidh ar chur chuige córasach comhleanúnach ón Aontas ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, leis an truailliú, leis an dífhoraoisiú, leis an díghrádú talún, leis an tógáil talún agus le cailliúint na bithéagsúlachta, go háirithe trí dhlús a chur le cur chun feidhme réiteach dúlrabhunaithe arna sainiú ag an 5ú Comhthionól Comhshaoil de chuid na Náisiún Aontaithe (UNEP/EA.5/Res.5) agus trí dhlús a chur leis an gcur chun feidhme sin;

*GEALLTANAIS AN AONTAIS A NEARTÚ CHUN DUL I nGLEIC LEIS AN nGAINEAMHLÚ, LEIS AN DÍGHRÁDÚ TALÚN AGUS LE TRIOMACH*

5. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle lena bhformhuinítear na moltaí maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 33/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Combating desertification in the EU: a growing threat in need of more action* [Gaineamhlú san Aontas a chomhrac: bagairt mhéadaitheach a bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta ina leith], agus TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún Plean Gníomhaíochta comhtháite uile-Aontais a mholadh chun an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chomhrac, arb é is aidhm dó athléimneacht in aghaidh triomaigh a fhorbairt agus neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach san Aontas faoi 2030, bunaithe ar mheasúnú tionchair iomlán;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an fhís uaillmhianach atá i Straitéis Ithreach an Aontais do 2030 go mbeidh gach éiceachóras ithreach san Aontas i riocht sláintiúil faoi 2050 mar bhealach chun an gaineamhlú agus an díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú agus chun timthriall an uisce ghlais a chothú a mbíonn tionchar aige ar phatrúin na frasaíochta intíre agus a chuireann le caomhnú uisce agus le hathléimneacht in aghaidh triomaigh agus tuilte, chomh maith le Misean an Aontais 'Comhaontú Ithreach don Eoraip' faoin gclár Fís Eorpach agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE, sa chomhthéacs sin, an dul chun cinn atá déanta sa phlé ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach);

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go gcuirfeadh an Coimisiún agus na Ballstáit an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra chun feidhme, mar ábhar tosaíochta, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe a uas-scálú le haghaidh bainistiú athghiniúnach talún agus bainistiú réamhghníomhach triomaigh;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ar leibhéal an Aontais chun fóirdheontais lena ndéantar dochar don chomhshaol a shainaithint agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé an tionchar a bhíonn acu ar an ngaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chur san áireamh; CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart spriocanna uaillmhianacha a leagan síos sa mheántéarma chun deireadh a chur de réir a chéile leis na fóirdheontais sin nó chun iad a athchóiriú;

9. AITHNÍONN SÍ an t-idirnasc idir bainistiú talún agus bainistiú uisce; LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá cur chuige comhtháite maidir le bainistiú agus pleanáil a dhéanamh i dtaobh triomaigh agus dálaí aeráide tura, agus TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit atá i mbaol triomaigh agus/nó ganntanais uisce Pleananna Bainistithe Triomaigh a mhionsaothrú de réir mar is iomchuí, a bheidh comhordaithe le gníomhaíochtaí faoi na beartais ábhartha agus a bheidh comhtháite sna beartais sin, lena n-áirítear pleanáil ghinearálta na réimsí beartais ábhartha, go háirithe maidir le saincheisteanna uisce a shainítear sa Treoir Réime maidir le hUisce;

10. AITHNÍONN SÍ go bhfuil caomhnú acmhainní nádúrtha, mar shampla talamh agus uisce, ríthábhachtach do shlándáil an duine agus go bhféadfaidh an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach agus ganntanas uisce cur leis an mbaol go mbeidh easáitiú éigeantach, éagobhsaíocht, neamhshlándáil agus coinbhleacht ann;

11. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tacaíocht leanúnach atá á cur ar fáil ag an Aontas agus a Bhallstáit ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus náisiúnta trí ionstraimí gníomhaíochta seachtraí, mar shampla an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda agus Global Gateway; IARRANN SÍ ar an Aontas agus ar na Ballstáit béim a chur ar a thábhachtaí atá bainistiú athghiniúnach talún agus rialachas talún ina ngníomhaíocht sheachtrach agus leanúint de chomhpháirtíochtaí agus rannpháirtíocht idirnáisiúnta a chothú maidir leis an ngaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chomhrac;

12. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé dlús a chur le comhtháthú an ghaineamhlaithe, an díghrádaithe talún agus triomaigh i mbeartais agus pleananna infheistíochta ábhartha in earnálacha comhair a bhaineann leis an talamh, go háirithe talmhaíocht agus táirgeadh bia (go mór mór trí chineálacha cur chuige agrai-éiceolaíocha agus tírdhreacha, lena n-áirítear talmhaíocht orgánach), pleanáil talún agus uirbeach, bainistiú bonneagair agus uisce; AITHNÍONN SÍ an poitéinseal a bhaineann leis an agrai-éiceolaíocht, le tírdhreacha foraoise agus le hathchóiriú éiceachóras mar chur chuige comhtháite trasearnála lena mbaineann tairbhí iomadúla ní hamháin d'athchóiriú ithreach agus talún agus d'fheabhsú torthúlachta, ach don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais freisin, do stóráil carbóin, d'oiriúnú don athrú aeráide, d'éifeachtúlacht acmhainní, do shlándáil bia agus do chothú agus d'fhorbairt eacnamaíoch;

13. AITHNÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá maoiniú comhleanúnach chun bainistiú inbhuanaithe talún agus athchóiriú talún a shaothrú; AITHNÍONN SÍ gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú ó na hionstraimí atá ann cheana agus leas a bhaint as foinsí malartacha cistiúcháin príobháideacha agus measctha, go háirithe agus é mar aidhm gníomhaíochtaí an ghaineamhlaithe, an díghrádaithe talún agus triomaigh a oibríochtú agus gníomhaíochtaí athchóirithe éiceachórais a chur chun feidhme, bunaithe ar réitigh dhúlrabhunaithe;

14. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil cleachtais athghiniúnacha bainistithe talún, iarrachtaí athchóirithe, agus gníomhaíochtaí chun stop a chur le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí faoi 2030 ríthábhachtach chun neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach ar fud an domhain. I ndáil leis an méid sin, tá sé tábhachtach slabhraí luacha inbhuanaithe, inrianaithe agus trédhearcacha a bhaint amach lena ndíchúpláiltear an táirgeadh talmhaíochta ó dhífhoraoisiú agus ó dhíghrádú foraoise agus talún, agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le bearta atá dírithe ar an éileamh agus ar an soláthar;

15. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá Tionscnamh na Náisiún Aontaithe maidir le Luathrabhaidh do Chách chun comhar idirnáisiúnta agus comhtháthú sonraí a neartú i réimse an fhaireacháin agus na réamhaisnéise ar thriomach;

16. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' EDS a shaothrú chun an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chomhrac agus chun plé struchtúrach a chumasú maidir le comhleanúnachas beartais idir earnálacha agus disciplíní ábhartha ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta;

17. AITHNÍONN SÍ agus is cúis imní di go bhfuil an brú ar acmhainní talún domhanda ag méadú i gcónaí agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-áirítear ar na nithe is mó a spreagann an díghrádú talún ar fud an domhain, i measc nithe eile, bainistiú neamh-inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, athrú ar thalamhúsáid, cailliúint na bithéagsúlachta, talmhaíocht neamh-inbhuanaithe agus leathnú talmhaíochta, dífhoraoisiú, sraoilleáil uirbeach, séalú ithreach, bánú na tuaithe, truailliú, athrú aeráide agus mianadóireacht agus cairéalacht;

18. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá á déanamh agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na tuarascálacha ón Meitheal Idir-Rialtasach um Thriomach chun roghanna a shainaithint chun feabhas a chur ar bhainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar thriomach ar fud an domhain agus na tuarascálacha ón Meitheal Idir-Rialtasach um an Meastóireacht Mheántéarma ar Chreat Straitéiseach 2018-2030 de chuid Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD) chun tosaíochtaí a shainaithint agus moltaí a fhorbairt don dara téarma de Chreat Straitéiseach UNCCD;

19. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé feabhas a chur ar an ngníomhaíocht ar gach leibhéal chun an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach agus na nithe is cúis leo a chomhrac, go háirithe trí réitigh shainaitheanta chruthaithe chun an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chomhrac a phríomhshruthú agus a mhéadú, lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, an geilleagar ciorclach, bainistíocht athghiniúnach talún, agrafhoraoiseacht agus teicnící innilte inbhuanaithe, cineálacha cur chuige agrai-éiceolaíocha, agus bainistiú réamhghníomhach a dhéanamh ar thriomach;

20. Chun neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach faoi 2030, MOLANN SÍ na córais talmhaíochta agus bia a athrú ó bhonn ionas go mbeidh siad inbhuanaithe, athléimneach ó thaobh triomaigh de agus cliste ó thaobh na haeráide de, bunaithe ar na 13 phrionsabal agraí-éiceolaíochta arna sainiú ag an bPainéal Ardleibhéil Saineolaithe maidir le Sábháilteacht an tSoláthair Bia agus Cothú de Choiste na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain; agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a ábhartha atá rannchuidiú na Comhghuaillíochta Agrai-éiceolaíochta agus an tionscnamh idirnáisiúnta '4 in aghaidh an 1 000';

21. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé bonn eolais UNCCD a neartú agus feabhas a chur ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil tríd an gCoiste Eolaíochta agus Teicneolaíochta chun cinnteoireacht níos eolasaí a éascú; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le soláthar uirlisí úsáideacha a atreisiú tríd an gComhéadan Beartais Eolaíochta, chun feabhas a chur ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhar idir an Comhéadan Beartais Eolaíochta, an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais agus go mbeidh eagraíochtaí eolaíocha idirnáisiúnta agus náisiúnta rannpháirteach, lena n-áirítear an saol acadúil, chomh maith le pobail eile sa phróiseas;

22. CUIREANN SÍ IN IÚL gur réamhchoinníollacha iad Rúnaíocht éifeachtúil agus éifeachtach UNCCD agus buiséad fónta atá oiriúnach don fheidhm a bheith ann agus aird chuí á tabhairt ar chostéifeachtacht chun bainistíocht iontaofa riaracháin agus airgeadais UNCCD a áirithiú; ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé na moltaí a d'eisigh an tAonad Comhpháirteach Cigireachta agus in idirphlé dlúth le Páirtithe UNCCD a chur san áireamh, go háirithe prionsabail an dea-rialachais, na héifeachtachta, na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na cuntasachta agus an bhainistithe riosca;

23. MOLANN SÍ an dea-chomhar idir an Áis do Thimpeallacht na Cruinne (GEF) agus UNCCD as ar eascair an méadú a tháinig le déanaí ar thacaíocht GEF chun cabhrú le Páirtithe Tíre a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh agus tionscadail agus cláir chlaochlaitheacha a chur chun feidhme chun neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach, lena n-áirítear a spriocanna deonacha neodrachta agus a bplean náisiúnta um thriomach a tharraingt suas;

24. TÁ AIRD Á TABHAIRT AICI ar an 9ú hathshlánú ar GEF (GEF-9) atá ar na bacáin agus AITHNÍONN SÍ gur deis é sin do Chomhdháil na bPáirtithe (COP) de chuid UNCCD sciar suntasach de GEF-9 a iarraidh don limistéar fócasach 'Díghrádú Talún', agus comhthairbhí leis na ceithre réimse fócais eile de GEF á spreagadh ag an am céanna;

25. I gcomhréir le Dearbhú Abidjan COP-15 UNCCD maidir le comhionannas inscne a bhaint amach chun gur féidir talamh a athbhunú, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile. Ní mór cearta tionachta talún na mban, a rannpháirtíocht i bpróisis chinnteoireachta, phleanála agus chur chun feidhme, fothú acmhainneachta agus a rochtain ar shlabhraí luacha agus ar uirlisí maoiniúcháin a neartú chun cur chun feidhme inscne-fhreagrúil agus claochlaitheach UNCCD a áirithiú;

26. IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndearnadh Cácas Inscne agus Cácas na hÓige a thionól ag UNCCD COP-16 mar phríomhardáin chun comhionannas inscne agus cothroime idirghlúine a chur chun cinn laistigh de chur chun feidhme an Choinbhinsiúin;

27. LEAGANN SÍ BÉIM, i gcomhréir le Treoirlínte Deonacha CFS maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí, ar a thábhachtaí atá tionacht shlán don fhorbairt inbhuanaithe agus chun an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chomhrac;

28. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht iomlán chuimsitheach na bPobal Dúchasach i bpróisis chinnteoireachta i gcomhréir leis an gceart chun saorthoilithe fheasaigh roimh ré;

29. CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil sé ríthábhachtach rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn chun an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chomhrac; MEASANN SÍ gur gá an óige a chumhachtú trí na hacmhainní, an oiliúint, na hardáin agus na hionstraimí beartais is gá ionas gur féidir leo rannchuidiú go héifeachtach le misean UNCCD;

30. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cur chuige uile-shochaí agus rannpháirtíocht chuimsitheach sa chinnteoireacht agus TÁ SÍ TIOMANTA timpeallacht chumasúcháin a chothú lena gcuirfear rannpháirtíocht ghníomhach ESSanna in UNCCD chun cinn; AITHNÍONN SÍ gur gá acmhainní agus oiliúint leordhóthanach a chur ar fáil do ESSanna agus do Phainéal ESS UNCCD ionas gur féidir leo rannchuidiú go héifeachtach le misean UNCCD;

31. IS DÍOL SÁSAIMH DI Cód Iompair na Náisiún Aontaithe chun Ciapadh a Chosc, Ciapadh Gnéasach san áireamh, agus IARRANN SÍ go gcuirfear i bhfeidhm agus go gcuirfear chun feidhme gan bhac é i bpróisis uile UNCCD, go háirithe le linn comhdhálacha iltaobhacha;

32. IARRANN SÍ ar COP UNCCD féachaint arís ar thionchar na bhfóirdheontas díobhálach a chuireann leis an ngaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach; agus MOLANN SÍ go láidir dó an t-ábhar sin a chur ar chlár oibre an chéad COP eile chun tús a chur le machnamh ar conas deireadh a chur de réir a chéile leis na fóirdheontais sin agus iad a athchuspórú i dtreo cleachtais bainistithe talún níos inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú freisin le sprioc 18 de Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme;

*SINEIRGÍ LE COMHAONTUITHE COMHSHAOIL ILGHNÉITHEACH EILE AGUS PRÓISIS IDIRNÁISIÚNTA*

33. AITHNÍONN SÍ an t-idirspleáchas agus na hidirnaisc idir an gaineamhlú, an díghrádú talún, triomach, an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, ganntanas uisce agus truailliú; DEARBHAÍONN SÍ a tiomantas aghaidh a thabhairt ar na héigeandálaí sin ar bhealach éifeachtach, comhtháite agus comhleanúnach; LEAGANN SÍ BÉIM ar ról ríthábhachtach an bhainistithe talún inbhuanaithe agus an athchóirithe talún agus an gá atá le haghaidh a thabhairt ar an nasc idir uisce, bia, an tsláinte, talamh, an bhithéagsúlacht, an aeráid, an dífhoraoisiú agus truailliú ar bhealach láidir, iomlánaíoch agus comhtháite lena gcuimsítear straitéisí a théann chun tairbhe don dá thaobh, le coimircí láidre sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear trí réitigh dhúlrabhunaithe mar a shainmhínítear in UNEP/EA.5/Res.5, agus cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé comhbhabhtálacha a íoslaghdú agus sineirgí a uasmhéadú;

34. CUIREANN SÍ IN IÚL GURB EOL DI go bhfuil an 16ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, an 29ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus an 16ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe in UNCCD ar siúl i ndiaidh a chéile, rud a thugann deis uathúil do Choinbhinsiúin Rio tacaíocht fhrithpháirteach a thabhairt dá chéile, rannchuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus lena SFIanna a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar an ngaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach ar bhealach sineirgeach;

35. TÁ SÍ TIOMANTA dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta, le díghrádú na n-éiceachóras, na talún, an uisce agus na n-aigéan, leis an athrú aeráide agus leis an truailliú ar bhealach éifeachtach comhtháite, agus IARRANN SÍ, dá bhrí sin, go mbeadh comhar níos dlúithe agus feabhsaithe ann agus go neartófaí na sineirgí idir trí Choinbhinsiún Rio agus comhaontuithe agus tionscnaimh iltaobhacha eile ar gach leibhéal, lena n-áirítear institiúidí airgeadais, tionscnaimh ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus próisis idirnáisiúnta ábhartha eile;

36. IARRANN SÍ go gcuirfí feabhas ar an gcomhar idir an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, UNFCCC agus UNCCD ar gach leibhéal, go háirithe maidir le cur chun feidhme Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, Comhaontú Pháras agus an Clár um Leagan Síos Spriocanna maidir le Neodracht ó thaobh Díghrádú Talún, trí úsáid níos fearr a bhaint as Grúpa Comhpháirteach Idirchaidrimh Choinbhinsiúin Rio, comhar feabhsaithe agus sineirgí idir a gcuid COPanna in 2024 agus ina dhiaidh sin, d'fhonn féachaint freisin an bhféadfaí obair chomhpháirteach a dhéanamh idir na Coinbhinsiúin agus comhar méadaithe ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir le Straitéisí Náisiúnta agus a bPleananna Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht, Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta, Pleananna Oiriúnaithe Náisiúnta um an Athrú Aeráide, Cláir Ghníomhaíochta Náisiúnta um Oiriúnú, Spriocanna Deonacha Neodrachta ó thaobh Díghrádú Talún, Pleananna Náisiúnta um Thriomach agus Conairí Náisiúnta na gCóras Bia a fhorbairt, a athbhreithniú agus a chur chun feidhme;

37. Go sonrach maidir leis an gcomhrac i gcoinne an dífhoraoisithe agus an gá atá le feabhas a chur ar chaomhnú, ar athbhunú agus ar bhainistiú inbhuanaithe foraoisí, agus aird á tabhairt ar chinntí an 19ú seisiún d'Fhóram na Náisiún Aontaithe maidir le Foraoisí i dtaca leis an athbhreithniú meántéarma ar Phlean na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí agus ar chinntí de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta/an Choiste um Fhoraoisí ina dhiaidh sin, IARRANN SÍ go mbainfí úsáid níos fearr as an gComhpháirtíocht Chomhoibríoch maidir le Foraoisí agus go neartódh Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe a gníomhaíochtaí tacaíochta atá dírithe ar an nasc idir an dá thaobh chun gníomhaíocht réamhghníomhach trasearnála a fheabhsú freisin d'fhonn an gaineamhlú, an díghrádú talún agus triomach a chomhrac.